Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2023
(OR. en)

5461/23

LIMITE

EPPO 1
COPEN 17
FIN 43
GAF 2
CSC 30

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Nóta Briathartha chuig Comhairle na hEorpa maidir leis an Nóta Briathartha ó Chónaidhm na hEilvéise ar tugadh fógra ina leith an 1 Feabhra 2022 maidir le fógra ó Bhallstáit rannpháirteacha de chuid OIPE mar údarás náisiúnta inniúil faoin gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla 1959 <br>– Formheas |

1. An 17 Eanáir 2023, thíolaic an Coimisiún dréachtpháipéar le haghaidh Nóta Briathartha, a chuirfear faoi bhráid Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa ó Bhuanionadaíocht na Sualainne. Baineann an dréacht-Nóta Briathartha seo leis an Nóta Briathartha ó Chónaidhm na hEilvéise dar dáta an 27 Eanáir 2022, a cláraíodh i gComhairle na hEorpa an 1 Feabhra 2022. Baineann sé le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('an OIPE')[1].

[1] IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

2. Rinne Comhairleoirí CGB an dréacht-Nóta Briathartha a mheas ag na cruinnithe a bhí acu an 20 agus an 24 Eanáir 2023. Thángthas ar chomhaontú ar an leibhéal teicniúil trí nós imeachta an tosta[2].

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

a) an comhaontú maidir le téacs an dréacht-Nóta Bhriathartha mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo é a dhearbhú

b) a mholadh don Chomhairle téacs an dréacht-Nóta Bhriathartha a fhormheas agus an Uachtaránacht a údarú chun an Nóta Briathartha a chur faoi bhráid Chomhairle na hEorpa.

PUBLIC

---

[2] Ó tharla go dtagann an Nóta Briathartha faoi raon feidhme chur chun feidhme an chomhair fheabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, nach bhfuil an Danmhairg, Éire, an Pholainn, an tSualainn ná an Ungáir páirteach ann, níl na Ballstáit sin rannpháirteach i bhformheas an chinnidh.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Nóta Briathartha ó Bhuanionadaíocht na Sualainne chuig Comhairle na hEorpa, agus é dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa i ndáil leis an Nóta Briathartha ó Chónaidhm na hEilvéise dar dáta an 27 Eanáir 2022, arna chlárú ag Comhairle na hEorpa an 1 Feabhra 2022**

Cuireann Buanionadaíocht na Sualainne chuig Comhairle na hEorpa a dea-mhéin in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa agus, maidir leis an Dearbhú atá sa Nóta Briathartha ó Bhuanionadaíocht na hEilvéise dar dáta an 27 Eanáir 2022, a cláraíodh i gComhairle na hEorpa an 1 Feabhra 2022, tá sé d'onóir aici an méid seo a leanas a chur in iúl thar ceann Ríocht na Beilge, Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na Fionlainne.

Is mian le Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, agus Poblacht na Fionlainne an méid seo a leanas a chur in iúl:

– gur díol sásaimh dóibh go comhpháirteach an t-idirphlé le Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na módúlachtaí comhair idir údaráis na hEilvéise agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh;

PUBLIC

– gur díol sásaimh dóibh go comhpháirteach gur glacadh an 'Ordonnance sur la coopération avec le Parquet européen du Conseil fédéral suisse' an 21 Nollaig 2022;

– gur díol sásaimh dóibh go comhpháirteach go bhféadfadh comhar a bheith ann idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus údaráis Chónaidhm na hEilvéise;

– an deis seo a thapú le chéile chun a dtuairim a dhearbhú maidir leis an bhféidearthacht atá ann Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a ainmniú mar údarás náisiúnta inniúil.

Baineann Buanionadaíocht na Sualainne chuig Comhairle na hEorpa leas as an deis seo chun na dearbhuithe d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa go ndéanfar an breithniú is fearr is féidir uirthi a athnuachan.

PUBLIC